Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2026
(OR. en, es)

7426/2/26
REV 2 ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0408 (COD)**

CODEC 470
JUSTCIV 43
ECOFIN 347
COMPET 344
JAI 364

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Spáinn go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Measann an Spáinn go bhfuil sé tábhachtach an creat dlíthiúil maidir le dócmhainneacht a chur chun cinn chun iomaíochas níos fearr a bhaint amach dár gcuideachtaí. Mar sin féin, staonaimid agus is oth linn go dtugtar isteach arís leis an téacs coincheap dlíthiúil choiste na gcreidiúnaithe, cé go bhfuil sé teoranta do chuideachtaí móra. Cuireadh deireadh leis an institiúid sin i bhfad ó shin mar gheall ar a neamhéifeachtúlacht agus a costais arda. Cosúil le Ballstáit eile, tá sásraí eile againn chun creidiúnaithe a chosaint atá níos éifeachtaí agus a bhfuil torthaí an-mhaith ag baint leo.

I dTeideal IV den Réamhphaca, níl an téacs uaillmhianach go leor; ba cheart dúinn dul níos faide sna sásraí chun cosaint a thabhairt ar mhí-úsáidí a dhéantar i gcalaois i gcoinne creidiúnaithe. Bheadh gá le huaillmhian bhreise freisin sna sásraí lena gceadaítear leanúnachas ghníomhaíocht an aonaid tháirgiúil, chun an chreatlach ghnó a choinneáil ag feidhmiú.